

# Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh

**RANG A TRÍ & A CEATHAIR/P5 & P6**

**23 EANÁIR – 30 EANÁIR 2022**





An Creideamh Críostaí	Briathar Dé
<p><b>Rúndiamhair Dé</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Aithníonn agus gránn Dia mise go pearsanta (CCC 300).</li> <li>Cuireann na Críostaithe an creideamh i bhfeidhm in urnaí agus i ngníomh (creideamh beo fianaiseach).</li> <li>Tugann an creideamh dúshlán na gCríostaithe a bheith ag saothrú ar son na Ríochta/Réimeas Dé (CCC 542).</li> </ul> <p><b>Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Iarrtar ar an bpobal iomlán Críostaí, Dia a adhradh agus freastal ar a muintir féin díreach mar a chaith Íosa a shaol.</li> <li>Snáithe: Briathar Dé</li> <li>Snáithaonad: An Scrioptúr Naofa</li> <li>Saol Poiblí Íosa (CCC 535–50, 1716–29).</li> <li>Lúcás 10:27, an Aithne is mó.</li> </ul>	<p><b>An Scrioptúr Naofa</b></p>
Liotúirge agus Urnaí	An Mhoráltacht Chríostaí
<p><b>Urnaí</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Glaonn Dia chun urnaí muid agus tugaimid freagairt air.</li> <li>Éistean Dia i gcónaí lenár nguí.</li> <li>Is é an séipéal teach Dé, an áit ina gcruinnimid lena chéile mar chlann Dé (CCC 1180; LG 6; 1 Tiomóid 3:15).</li> <li>Cruinníonn clann Dé lena chéile i séipéal an pharóiste le ceiliúradh agus urnaí a dhéanamh (CCC 1069–71, 2179).</li> <li>Áit naofa é an séipéal agus bailíonn daoine isteach ann le guí a dhéanamh agus le labhairt le Dia CCC 1181).</li> </ul>	<p><b>Dínit an Duine</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Bronnann Dia tíolacthaí agus tallanna orainn ionas gur féidir linn iad a úsáid ar son a ghlóire féin, ar son ár leasa féin, ar son leasa an duine eile, agus le gach ar chruthaigh sé a chaomhnú.</li> </ul>





# An Luan – Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh in Éineacht le Dia



## 24 Eanáir 2022

‘Agus iarrfaidh mé ar m’Athair é, agus tabharfaidh sé Abhcóide eile daoibh chun fanacht faraibh go deo – Spiorad na Fírinne, mar fanann sé faraibh, agus beidh sé ionaibh. (Eoin 14:16–17)

### Smaoinigh:

Má bhíonn dearcadh maith deimhneach againn, beimid sásta le gnáthimeachtaí an tsaoil. Nuair a bhíonn gaol láidir againn le Dia, trí labhairt leis agus guí a dhéanamh, tuigimid an rud a lorgaíonn sé uainn. Is féidir linn a bheith buíoch de na rudaí a thugann sástacht inár saol dúinn. Nuair a bhreathnaímid taobh amuigh dinn féin, tugaimid tíolachtaí Dé dúinn faoi deara, agus aithnímid na rudaí is mó tábhachta sa saol. Is tríd an bhfeasacht agus tríd an mbuíochas seo a bheimid in ann saol iomlán tairbheach a chaitheamh in éineacht le Dia.

### Pléigh:

#### Machnamh Buíoch

Caithfidimid roinnt ama ag smaoineamh ar ghrá Dé dúinn, agus go bhfuilimid buíoch den ghrá sin, rud a chiallaíonn gur féidir linn saol iomlán lántairbhe a chaitheamh.

1. Suigh siar sa chathaoir agus lig do scíth. Déan análú domhain mall isteach is amach, ná corraigh go fóill. Tabhair faoi deara an áit ina bhfuil tú. Smaoinigh ar an mboladh, na radhairc, an teagmháil, na fuaimeanna a bhaineann leis an áit seo. Gabhaimid buíochas le Dia as na tíolachtaí a bhronn sé orainn, le gur féidir linn saol iomlán lántairbhe a chaitheamh.
2. Dún na súile go réidh. Cuimhnigh ar na daoine i do shaol atá muinteartha leat – an teaghlach agus na cairde. Gabhaimid buíochas le Dia astu, gur bhronn Dia orainn iad.
3. Anois, bí ag smaoineamh fút féin: is duine speisialta uathúil tusa, tá samhlaíocht iontach ionat, tá tusa go maith le cumarsáid a dhéanamh, is féidir leat foghlaim ón am atá thart agus pleanáil don am atá le teacht. Dá bharr san, gabhaimid buíochas le Dia.
4. Déan machnamh anois ar an saol sonasach atá agat. Is tíolacadh luachmhar ó Dhia é do shaol. Tuigeanntú go bhfuil grá ag Dia duit, agus mar sin is féidir leat saol iomlán lántairbhe a chaitheamh. Gabhaimid buíochas le Dia as an ngrá a bhronn sé orainn.

### Gníomhaíocht:

#### Próca Buíochais

Níl mórán de chomhábhar de dhíth anseo: próca (dhéanfadh bosca an gnó), cóip den lipéad thíos, stiallacha daite páipéir, peann nó peann luaidhe le nótaí buíochais a scríobh, ribín, greamáin, gealra agus pé rud eile a bheadh uait leis an bpróca a mhaisiú.

Céim 1: Faigh próca nó bosca.

Céim 2: Maisigh an próca le lipéad gur féidir é a phriontáil. Maisíonn na daltaí na lipéid agus greamaíonn leis an bpróca iad. Ceangail ribín thart ar an muineál, cuir greamáin ar na taobhanna, bain úsáid as gliú trédhearcach agus gealra mar mhaisiúchán, dathaigh le péint é, nó fág gan mórán de mhaisiú é. Bíodh a rogha ag na daltaí.





Céim 3: (Seo an chéim is tábhachtaí, tarlaíonn sé gach lá sa tseachtain). Iarr ar na daltaí trí rudaí a lua go ngabhann siad buíochas le Dia astu. D'fhéadfaí moltaí a lorg i dtosach uathu, nó iad a spreagadh le labhairt amach faoi na gnáthrudaí a bheadh i gceist. Abair leis na daltaí an t-ábhar buíochais a scríobh ar stiallacha daite éagsúla, agus cuir na stiallacha isteach sa phróca.



Is féidir na prócaí a choimeád san áit bheannaithe ar feadh na seachtaine, agus ansin iad a thabhairt abhaile leo. Más rud é go mbíonn siad riamh in ísle brí, is féidir nóta a bhaint den phróca a mheabhródh dóibh go bhfuil an t-ádh leo go dtarlaíonn rudaí maithe deasa sa saol dóibh.

## Lipéad le Priontáil:

Gabhaimid buíochas le Dia  
as an ngrá a léiríonn  
sé dúinn.





# An Mháirt – Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh in Éineacht lena Chéile



**25 Eanáir 2022**

**‘Go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. (Eoin 13:34)**

## **Smaoinigh:**

Mhúin Íosa dúinn maidir leis an ngrá gan teorainn. Ní duine fánach é an chomharsa, a chónaíonn i measc an phobail. Is comharsa dúinne duine ar bith atá d’uireasa na trócaire nó an ghrá. Ní gá a bheith ag caint faoin gcomharsa atá i dteideal ár gcuid grá. Baineann tábhacht leis an dearcadh a léiriú go ndéileálfaimid le gach duine eile, díreach mar a theastódh uainn go ndéileálfáí linne. Nuair a dhéanaimid an éagsúlacht a bhaineann linne mar dhaonnaithe a cheiliúradh, léirimid an cúram a dhéanaimid dá chéile, agus go bhfuil saol iomlán lántairbhe á chaitheamh againn i dteannta Dé.

Tá an éagsúlacht go mór le sonrú sna seomraí ranga faoi láthair, éagsúlachtaí a bhaineann le heitneacht, le creideamh, le cultúr, le hinscne, le hábaltacht agus le go leor éagsúlachtaí eile. Iarrtar orainne mar Chaitlicigh a bheith ionchuimsitheach measúil inár saol, fáilte a chur roimh chách agus déileáil i gceart leo mar chomharsana.



## **Pléigh:**

Mínigh don rang gur mhaith le Dia go gcaithfimis saol iomlán lántairbhe i dteannta a chéile. Is í an aithne is mó a thug Íosa dúinn ná grá a thabhairt dá chéile. Ní dúirt sé grá a thabhairt don dream atá ar aon dul linne, a labhraíonn mar a labhraímid, a fheidhmíonn mar a fheidhmímid. Ní dúirt sé linn ach grá a thabhairt dá chéile.



Ní rud éasca é an uile dhuine a ghrá. Mhúin Íosa dúinn gur ceart an chomharsa a ghrá díreach mar a ghráimid sinn féin. Déanaimis machnamh ar an rud a bhí i gceist ag Íosa nuair a dúirt sé a leithéid.

Scrúdaigh agus pléigh na ceisteanna seo leis an rang:

- Cad is comharsa ann?
- Cé hiad na comharsana atá agamsa?
- Conas mar a chaithimid leis na comharsana de réir tola Dé?

**Cuardach sa Bhíobla:** Déanaimis taighde sa Bhíobla maidir leis an rud a deir Dia linn, faoi aire a thabhairt don chomharsa.

D’fhéadfadh an múinteoir ceann de na sleachta seo a léamh don rang. Is féidir leis an rang roinnt ama a chaitheamh ag machnamh ar an téacs, agus ar an méid a deir sé faoinár saol a chaitheamh go tairbheach i dteannta a chéile.

- Marcas 12:28–34
- Matha 7:12
- Matha 19:19
- Matha 22:36–40
- Rómhánaigh 13:8–10
- Galataigh 5:14





Tá go leor véarsaí anseo maidir leis an chomharsa a ghrá. Ós rud é go bhfuil an méid sin acu ann, ciallaíonn sé go ndeir Dia linn go mbaineann tábhacht nach beag leis an gcomharsa a ghrá. Conas mar a deir sé linn iad a ghrá?



Ba mhaith le Dia go dtabharfaimis an grá céanna don chomharsa agus mar a thugaimid dúinn féin.

Cad is brí leis sin? Déan ransú smaointe maidir leis na bealaí inar féidir linn grá don chomharsa a léiriú.

## Gníomhaíocht:

### An Slabhra Daonna

Bronn stiallacha de pháipéar siúcra de dhathanna éagsúla agus den toise agus den fhad céanna ar na daltaí. Abair leis na daltaí bealach amháin inar féidir leo grá don chomharsa a léiriú a scríobh ar an stiall. Míniú d'óibh go léiríonn gach aon stiall, bealach inar féidir linn déileáil i gceart leis na daoine a bhuaileann linn.

Nuair a bhíonn an scríobh déanta agus na stiallacha éagsúla maisithe, is féidir iad a lúbadh le chéile agus slabhra a chruthú a chrochfaí mar mhaisiúchán sa seomra ranga.







# An Chéadaoin – (Lá na Seantuismitheoirí) Ceiliúradh a Dhéanamh ar an Athaontú



**26 Eanáir 2022**

‘Tá trí nithe ann atá buan, más ea, creideamh dóchas agus grá,  
ach is é an grá an ní is mó orthusan.’ (1 Cor 13:13)

## **Smaoinigh:**

I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha agus gach aon bhliain déanann na scoileanna an ról tábhachtach atá ag na seantuismitheoirí maidir leis an gcreideamh a thabhairt ar aghaidh don ghlúin óg a cheiliúradh. Caithfear grá na seantuismitheoirí a cheiliúradh agus a chaomhnú. Le tamall beag anuas ní raibh deis ag na daoine óga bualadh leis na seantuismitheoirí de bharr shrianta na paindéime COVID-19.

Scaradh óna chéile muid anuraidh, ach is féidir an t-athaontú leo a cheiliúradh i mbliana.

Cuireann an phaindéim seo as don saol ar bhealach leanúnach, agus ní féidir a rá go cinnte go mbeidh na seantuismitheoirí ag teacht chun na scoile mar is gnách. Is ríthábhachtach an rud é mar sin go leanfaimis leis an ngrá do na seantuismitheoirí a léiriú, agus go ndéanfaimis gach a ndéanann siad ar ár son a cheiliúradh.



## **Pléigh:**

Grán na seantuismitheoirí gan acht muid, díreach mar a ghrán Dia gan acht muid. Léiríonn siad an grá seo ar bhealaí éagsúla. Ceann de na bealaí is tábhachtaí ina léiríonn siad an grá seo ná tríd an aithne atá acu ar Dhia a roinnt linn, agus trí thábhacht Dé ina saol a mhíniú dúinn.

Déan na daltaí a spreagadh le litir a scríobh chuig na seantuismitheoirí le rá leo go bhfuiltear ag smaoineamh go grámhar orthu. (Is féidir é a dhéanamh chomh maith, i gcuimhne sheantuismitheoir atá ar shlí na fírinne.)





Mura mbíonn sé ar acmhainn ag an scoil Lá na Seantuismitheoirí bliantúil a cheiliúradh ar scoil, d'fhéadfadh go mbeadh ranganna 3 go 6 sásta tionscadail bheaga indibhidiúla a chur le chéile mar gheall ar na seantuismitheoirí.



Is féidir na ceistanna seo a úsáid le hagallamh a chur ar na seantuismitheoirí, agus taifead scríofa a dhéanamh de na freagraí. D'fhéadfadh an dalta indibhidiúil na freagraí a chur le chéile, a mhaisiú agus a chur ar taispeáint sa seomra ranga nó i gcomhlímistéir na scoile.

1. An raibh muirín mhór ar do thuismitheoirí? Cé mhéad deartháir agus deirfiúr a bhí agat?
2. Cá ndeachaigh tú ar scoil? Cén t-ábhar scoile ab fhearr leat?
3. Cad iad na cluichí a d'imir tú ar scoil? Cé a bhíodh ag súgradh leat? Ar thaitin an léamh leat?
4. Cad é an leabhar ab ansa leat?
5. Cén t-am den bhliain is mó a thaitin leat?
6. Cad iad na hócáidí a bhíodh á gceiliúradh agat? Cén áit ina mbíodh an ceiliúradh sin?
7. An raibh dlúthchara agat?
8. Cad iad na rudaí a ndearna sibh lena chéile?
9. An raibh peata agat?
10. Cad é an bia ab fhearr leat?
11. An cuimhin leat an Chéad Chomaoín, agus an Cóineartú?
12. Cad í an phaidir is mó a thaitin leat agus tú ag fás aníos?
13. An cuimhin leat an uair a rugadh mise mé féin?
14. Déanann na páistí cur síos ar ócáid a chaitheadar i dteannta na seantuismitheoirí.
15. Scríobhann na páistí urnaí ghearr bhuíochais le Dia as na seantuismitheoirí speisialta a bronnadh orthu.







## An Déardaoin – Saol le hlontas a Chaitheamh



**27 Eanáir 2022**

**‘Ní féidir breathnú ar an nádúr mar rud atá dealaithe uainne, nó mar shuíomh ina gcónaímid. Is cuid den nádúr sinne. Táimid páirteach ann, bíonn idirghníomhú leanúnach againn leis.’ (Laudato Si’ 139)**

### **Smaoinigh:**

Athraíonn cúrsaí ar domhan in aghaidh an lae. Bíonn an teicneolaíocht nua agus na scáileáin i gceannas ar an saol. Is rud iontach mar sin é, na daoine óga a fheiceáil agus iad go mór faoi thionchar an nádúir. Is éard is iontas do na leanaí ná dúil mhór inmheánach agus mothúchán láidir a fhágann a rian orthu. Tugann iontas na cruinne spreagadh agus inspioráid dúinn. Mothaímid a bheith páirteach i saol leathan atá ag síneadh i bhfad amach uainn. Cothaítear an fholláine ionainn, tugtar i ngiorracht do Dhia, Rí na Cruinne muid.

Is luachmhar an rud é deis a thabhairt do na daltaí machnamh a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt don domhan, don áit chónaithe coiteann. Is tíolacadh éachtach iontach ó Dhia é.

### **Pléigh:**

Iarrtar orainn a bheith inár ngníomhaithe ar son na haeráide agus ar son an cheartais sóisialta ar domhan. Bí ag smaoineamh ar bhrí na bhfocal seo agus ar na dualgais atá orainn, agus déan iad a mhíniú do na páistí más gá.

Déan plé leis an rang maidir leis na bealaí ina bhféadfaimis an domhan a chruthaigh Dia dúinn a chosaint. Iarrann Dia orainn cosaint agus aire cheart a thabhairt don domhan álainn seo. Conas mar is féidir linn cabhrú leis an gcomhshaol, in ainm Dé?

Déanann na daltaí machnamh ar an áit chónaithe. Beidh na ceisteanna thíos úsáideach le plé a spreagadh maidir leis an áit chónaithe:

- Cad é an rud is fearr leat faoin áit chónaithe?
- Cad iad na gnéithe aiceanta a bhaineann leis an áit? (Gairdíní, páirceanna, clós súgartha, crainn in aice an bhóthair 7r1).
- Cén tábhacht a bhaineann le gnéithe aiceanta? (ó thaobh na daltaí iad féin de, uisce, bia agus fothain do na hainmhithe, na héin).
- Conas mar is féidir an timpeallacht sa bhaile a chosaint ón scrios?

Má bhaineann an scoil leis an ngluaiseacht ‘Scoileanna Glasa’ is féidir an ceacht seo a nascadh le téamaí ón am atá thart, nó ón am i láthair.

### **Urnaí:**

Iarr ar an rang an phaidir seo a rá. Bíodh deis ag na daltaí an rud is fearr leo faoin nádúr a lua.

A Dhia ghrámhar, molaimid tú agus gabhaimid buíochas leat as áilleacht agus iontais na cruinne, agus go háirithe as...[luann na daltaí an rud is ansa leo faoin nádúr]. Míle buíochas leat as áilleacht an bhaile choitinn. Amen.





## Gníomhaíocht: An Cluiche 'Clár Lom'

Roinn an rang i ngrúpaí beaga/seisir. Is fearr an cluiche seo a imirt ar dhromchla tirim réidh in áit leathan, nó sa halla más féidir. Déan ciorcal mór in aghaidh an ghrúpa a mharcáil ar an talamh. Bíonn triúr ón ngrúpa ina seasamh istigh agus triúr ina seasamh taobh amuigh. Tabhair leathanaigh nuachtán do na daoine taobh amuigh. Tabhair mála plaisteach nó mála páipéir an duine don dream istigh.

Nuair a chuirtear tús leis an gcluiche sracann na daoine taobh amuigh an nuachtán ina phíosaí beaga, agus caitheann isteach sa chiorcal iad. Caithfidh an triúr istigh an talamh a choimeád glan trí gach aon phioc den pháipéar a ardú isteach sna malaí. Tabhair nóiméad dóibh leis an gcluiche a chríochnú, agus féach ar éirigh leis an dream istigh an ciorcal a choimeád glan. Sula dtéann sibh ar ais go dtí an seomra ranga, bí cinnte faoi go bhfuil an halla glan slachtmhar.

Scrúdaigh na ceisteanna seo leis an rang:

- Conas mar a mhothaigh tú agus an bruscar á chaitheamh sa chiorcal agat?
- Conas mar a mhothaigh tú agus tú ag iarraidh an ciorcal a choimeád glan?
- An bhfuil an cluiche seo ar aon dul leis an rud a tharlaíonn ar domhan? Mínigh/Pléigh.
- An bhfuil an dearcadh céanna ag Dia is atá ag na páistí sa chiorcal? Conas san?
- Conas mar a theastaíonn ó Dhia go dtabharfaimis aire don domhan?
- Conas a thugann tú aire don domhan, don áit chónaithe coiteann?
- Cad eile a dhéanfá le haire a thabhairt don domhan?



Mura luaitear na rudaí seo, is féidir iad a mheabhrú dóibh: athchúrsáil, siúl nó rothaíocht in ionad turas sa charr, a bheith tíosach le huisce agus le hacmhainní nádúrtha eile.

Déan an bhileog oibre a fhótachóipeáil agus a scaipeadh. Spreag na daltaí leis na bealaí inar féidir leo aire a thabhairt don timpeallacht a scríobh síos.

## Bileog Oibre:

.....

Gabhaimid buíochas leat a Dhia as an domhan, an áit chónaithe coiteann, a chruthú. Tabharfaidh mé aire dó i rith na seachtaine trí.....

- 1.
- 2.
- 3.
- 4.

A Dhia ghrámhar, cabhraigh liom aire cheart a thabhairt don domhan iontach seo. Amen.

.....





# An Aoine – Saol a Chaitheamh agus Dóchas Againn sa Todhchaí



**28 Eanáir 2022**

‘Agus dúirt sé leo: “Imígí faoin domhan uile agus fógraíí an soiscéal don chruthaíocht uile.’ (Marcas 16:15)

## Smaoinigh:

Bronnann Dia grá buan leanúnach gan acht orainn. Nuair a chothaímid gaol maith le Dia, bronnann an creideamh agus an mhuinín atá againn i nDia neart spioradálta orainn, grá, eolas agus síocháin. Tuigimid go gcuirfidh grá Dé ar ár gcumas an grá, an trócaire, an tuiscint agus an chomhbhá a léiriú dúinn féin agus don duine eile amach anseo. Má bhíonn gaol maith againn le Dia, chiallódh sé go mbeadh rath orainn. Is féidir linn aghaidh a thabhairt go dóchasach ar an todhchaí agus a fhios againn gur féidir linn a bheith ag brath ar chabhair Dé.

## Pléigh:

Abair leis an rang go bhfuil Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ag teacht chun deiridh, agus go gcaithfear cuimhneamh ar ghrá Dé dúinn. Chaitheamar ár gcuid ama i rith na seachtaine ag smaoiniamh ar an mbealach ina bhféadfaimis saol iomlán lántairbhe a chaitheamh in éineacht le Dia agus lena chéile. Déanaimis machnamh anois ar an mbealach ina bhféadfaimis an soiscéal a scaipeadh, agus aghaidh a thabhairt ar an todhchaí go dóchasach lena chéile, i ngrá Dé. Iarrtar orainn síolta an ghrá a chur inár saol faoi láthair, agus sa todhchaí. Gach uair a léirimid grá Dé, fásann an gaol atá againn le Dia agus leis an duine eile, díreach mar a fhásann an síol beag ina phlanda mór.

Iarr ar an rang a rá leat cad iad na bealaí ina bhféadfaidís grá Dé a roinnt lena chéile. Déan na moltaí a phlé agus a roinnt leo. Déan an frása ‘Síolta an Ghrá a Chur’ a scríobh ar an gclár bán. Déan na moltaí atá ag an rang a thaifead.

## Gníomhaíocht:

### Síolta an Ghrá a Chur

Tabhair potaí iógairt agus cré, agus síolta (biolar) a fhástar go héasca do na páistí. Tabhair go leor ama dóibh a gcuid síolta féin a chur, agus lipéid a chur ar na potaí. Iarr orthu a rá leat cad a bheadh ag teastáil le go bhfásfadh na síolta.

Bronn bileog oibre an cheachta orthu agus lig dóibh cuid de na moltaí a tugadh cheana féin a scríobh síos, maidir leis an mbealach inar féidir grá Dé a roinnt lena chéile. Déanann siad an leathanach a mhaisiú. Spreag iad leis an mbileog a thabhairt abhaile, agus na smaointe a roinnt leis an mhuintir sa bhaile.





Nuair a chuirim na síolta, fásann siad.  
Is féidir liom síolta an ghrá a chur chomh maith, trí ...

1.

2.

3.

4.

5.

A Dhia ghrámhar, cabhraigh liom síolta an ghrá a chur in aghaidh an lae. Cabhraigh liom aghaidh a thabhairt ar an todhchaí agus an tuiscint ionam go mbeidh tusa i gcónaí le mo thaobh agus gur mhaith leat go roinnfinn do chuid grá leis an uile dhuine a bhuaileann liom.

Míle buíochas a Dhia, as do chuid grá. Amen.

